

# TÉAMAÍ AGUS TIONSCADAIL TAIGHDE

**Léachtaí Cholm Cille L**

*in eagar ag*

**EOGHAN Ó RAGHALLAIGH**



An Sagart  
Maigh Nuad  
2020

## CLÁR

Eagarfhocal	5
Imeall nó Tairseach? Ionad agus Éifeacht Chritic Liteartha na Gaeilge le 50 Bliain Anuas <i>Máirín Nic Eoin</i>	7
<i>Chronologicon Hibernicum:</i> Frámaíocht Dhóchúlaióch chun Dátú a Dhéanamh ar Fhorbairtí i dTeanga na Sean-Ghaeilge <i>Fangzhe Qiu &amp; David Stifter</i>	39
Téacs Leighis ó Thuaisceart Chonnacht: Comhthéacs, Foinsí agus Struchtúr <i>Deborah Hayden</i>	60
Corpas Filíochta Choláiste na Tríonóide <i>Eoin Mac Cárthaigh &amp; Elaine Uí Dhonnchadha</i>	85
Ní hUalach do Dhuine an Léann: Meithleacha Pobail i nGort na Gaeilge <i>Úna Bhreathnach, Ciarán Mac Murchaidh, Gearóid Ó Cleircín &amp; Brian Ó Raghallaigh</i>	100
Corpas Foghlaimora TEG agus an Próifiliú Cumais sa Ghaeilge <i>Aoife Ní Ghloinn</i>	119
Republic of Conscience: Cearta an Duine agus Nuafhilíocht na hÉireann <i>Ríona Ní Fhrighil</i>	157
Léachtaí Cholm Cille I (1970) – L (2020): Innéacs <i>Tracey Ní Mhaonaigh</i>	181
Na hÚdair	252

## **An Chéad Chló 2020**

© Na hÚdair 2020

**ISBN: 978-1-911330-16-5**

**ISSN: 0791-8658**

Foilsíodh le cabhair airgid ó Fhoras na Gaeilge



Foras na Gaeilge

Naas Printing a chlóigh



***CHRONOLOGICON HIBERNICUM: FRÁMAÍOCHT  
DHÓCHÚLAÍOCH CHUN DÁTÚ A DHÉANAMH AR  
FHORBAIRTÍ I DTEANGA NA SEAN-GHAEILGE***

FANGZHE QIU AGUS DAVID STIFTER

Is é atá fúinn a dhéanamh san alt seo<sup>1</sup> ná cuntas achomair a thabhairt ar an tionscadal ‘*Chronologicon Hibernicum. A Probabilistic Chronological Framework for Dating Early Irish Language Developments and Literature*’, nó *ChronHib*. D’éirigh leis an tionscadal seo deontas a fháil ón gComhairle Eorpach um Thaighde (European Research Council, nó ERC), in earrach na bliana 2015, agus mairfidh an deontas go dtí deireadh Lúnasa, 2020. Faoi láthair, tá an tionscadal ina thréimhse dheiridh. Tá an tionscadal lonnaithe i Roinn na Sean-Ghaeilge in Ollscoil Mhá Nuad, agus ba iad an naonúr seo a leanas baill na foirne i ndeireadh 2019: an Príomhthaiighdeoir, an tOllamh David Stifter; cúigear taighdeoirí iardhochtúireachta, na teangeolaithe an Dr. Elliott Lash, an Dr. Fangzhe Qiu, an Dr. Bernhard Bauer, an Dr. Nora White, agus an staitisteoir an Dr. Marco Aquino-López; agus na cúntóirí taighde Ellen Ganly agus Truc Ha Nguyen. Ina theannta sin, tá an tionscadal ag tacú le beirt mhac léinn dochtúireachta, Romanas Bulatovas agus Lars Nooij.

Tá deontais an ERC ar na foinsí maoinithe is cáiliúla agus is luachmhaire atá ar fáil do scoláirí agus d’eolaithe i réimse staidéir ar bith, san Eoraip agus ar fud an domhain, gan aon teorainn le hábhar an staidéir. An t-aon chritéar a chuireann an ERC le

---

<sup>1</sup> Scríobhadh an t-alt seo mar chuid den tionscadal *Chronologicon Hibernicum*, a bhfuil maoiniú faighte aige ón gComhairle Eorpach um Thaighde faoi chlár taighde agus nuálaíochta an Aontais Eorpaigh Fís 2020 (Comhaontú Deontais Uimh. 647351).

hiarratais ná go mbeadh ardchaighdeán ag baint leis an iarratas, agus go mbrisfí ‘talamh úr’ leis na torthaí a bhfuil na hiarratasóirí ag súil leo.

Conas a bhriseann *ChronHib* talamh úr i léann na Sean-Ghaeilge, mar sin? Cuireann an dá fhocal *Chronologicon Hibernicum* príomhghnéithe an tionscadail i mbeagán focal. Is aidiacht Ghréigise é *Chronologicon* a chiallaíonn ‘bainteach le croineolaíocht’. Mar sin, tá cúrsaí ama, nó aimsire, nó, ba chirte a rá, sruth na haimsire, i gcroílár an tionscadail seo, agus go háirithe an lorg a d’fhág imeacht na haimsire ar an teanga. Is aidiacht Laidine é *Hibernicum* a chiallaíonn ‘Éireannach’, is é sin le rá ‘aon rud a bhaineann le hÉirinn, a teanga san áireamh’. Mar sin, is í croineolaíocht na teanga Éireannaí, is é sin, an Ghaeilge, atá á scrúdú againn; go háirithe an tréimhse luath idir an seachtú agus lár an deichiú haois, an tréimhse ar a dtugtar an tSean-Ghaeilge de ghnáth.

Ar nós gach teanga nádúrtha, bhí an Ghaeilge ag síorathrú ar feadh a staire. Tá an athraitheacht leanúnach seo le feiceáil go díreach sa litríocht. I dteacsanna áirithe faightear foirmeacha atá níos nuálaí, i dtéacsanna eile faightear foirmeacha atá níos coimeádaí. Mar shampla, i ngluaiseanna ar an lámhscríbhinn Ambrosianus C301 inf. ón luath-9ú haois, atá á coimeád i Milan san Iodáil, faightear an frása *a n-as-mbeir-som* (Ml. 55b11), ach sna ‘Passions and Homilies’ ón 10ú/11ú haois, faightear *nuair adeir sé fen* (Atkinson 1887: l. 2688) agus an bhrí chéanna leis. I nGaeilge an lae inniu deirtear *nuair a deir(eann) sé féin/seisean*. Is léir, mar sin, go bhfuil cúpla athrú tar éis tarlú:

1) cuireadh an cónasc nua *nuair* in áit ceann na Sean-Ghaeilge a ‘nuair’. Tháinig an cónasc *nuair* féin ó chumasc den alt agus den ainmfhocal *úar* ‘uair, am’.

2) simplíodh an briathar *as-mbeir*, sa chaoi gur cailleadh an malartú idir foirmeacha deotratonacha agus prótatonacha (Breatnach 1994: 282). Ina theannta sin, cailleadh an t-urú iontáite (*as-mbeir*) atá ann toisc gur abairt choibhneasta atá i gceist.

3) d'fhás an forainm neamhspleách *sé*, agus úsáideadh é in áit foirceann pearsanta chun na pearsana ar leith a chur in iúl (Breathnach 1994: 272), agus úsáideadh an forainm *fen* in áit na hiarmhíre *-som* (an *nota augens* sa tSean-Ghaeilge), cé go maireann an iarmhír chomh maith san fhocal *seisean* sa Nua-Ghaeilge.

Táimid ag úsáid na dtéarmaí ‘nuálach’ agus ‘coimeádach’ in áit na n-aidiachtaí ‘sean’ agus ‘nua’, agus fiú ‘meán’ faoi mar a úsáidtear sa téarma ‘Meán-Ghaeilge’, toisc nach dtaispeánann na téarmaí sin go cruinn nádúr athraitheach na teanga, cé go n-úsáidtear an roinnt ina dtréimhsí Sean-, Meán- agus Nua-Ghaeilge go hiondúil i gcúrsaí taighde. Ní tharlaíonn athruithe teanga go tobann ag an am céanna ar fud na tíre; tarlaíonn siad go treallach céimseach, agus bíonn foirmeacha ag malartú ó áit go háit, ó chainteoir go cainteoir, fiú ó am go ham i scríbhinní aon údair amháin. Mar sin de, ní bhíonn athruithe teanga líneach, is amhlaidh a bhíonn siad carnach (Zuraw 2003). Faightear foirmeacha nuálacha agus coimeádacha taobh le chéile sa téacs céanna go minic, ach diaidh ar ndiaidh leathann na foirmeacha nuálacha agus ardaíonn a líon de ghnáth. Sin le rá, is amhlaidh is dóichí le himeacht aimsire go ndéanfaidh cainteoirí rogha d'fhoirmeacha nuálacha. Lena rá ar chaoi eile, téann foirmeacha in iomaíocht lena chéile ar mhodh dóchúláíoch, agus ní féidir ach réamh-mheastachán i gcéatadán a thabhairt ar mhinicíocht foirme ar leith i dtéacs ar leith. Dá bhrí sin, ní féidir pictiúr mionsonrach d'athruithe sa teanga a tharraingt ach le cúnaimh anailís chainníochtúil agus staitistiúil.

Is é an aidhm atá ag *ChronHib* ná dátú a dhéanamh ar mhalairtí teangeolaíocha, is é sin, athruithe i bhfoirmeacha teanga a cheangal le tréimhsí ar leith. I staidéir thraidisiúnta, déantar dátú teangeolaíoch trí chomparáid a dhéanamh leis an ‘teanga chaighdeánach’ ar bhonn sonraí teoranta. Teastaíonn ó *ChronHib* nuáil a dhéanamh sa réimse seo trí úsáid a bhaint as modhanna na teangeolaíochta corpais agus staidrimh chun go mbeifear in ann próifíl níos cruinne agus níos mine a tharraingt den teanga. Ba

mhaith linn freisin feabhas a chur ar an ábhar atá ar fáil a bhaineann le croineolaíocht na Luath-Ghaeilge agus na litríochta, agus feabhas a chur ar iontaofacht na sonraí.

Tá dúshlán bunúsach, áfach, ag baint le dátú a dhéanamh ar théacsanna Gaeilge ón Meánaois. In ainneoin shaibhreas an traidisiúin, ní mórán atá ar eolas againn faoin gcomhthéacs stairiúil inar scríobhadh na téacsanna seo. Níl eolas againn ar ainmneacha na n-údar ná ar na cúinsí ina ndearnadh an chuid is mó den scríbhneoireacht. Téann an scéal in achrann nuair a chuirtear san áireamh an chaoi ar seachadadh na téacsanna chugainn. I gcás litríocht Ghaeilge na Meánaoise is minic nach bhfaightear téacsanna ach i gcóipeanna atá na céadta bliain níos óige ná an aimsir inar scríobhadh iad ar dtús. Is minic a d'athraítí na téacsanna go mór i rith a seachadta, nó a chuirte cruth níos nuaimseartha ar theanga na dtéacsanna, próiseas a bhféadfaí nuachóiriú nó athbhreithniú leanúnach a thabhairt air. Mar shampla amháin den phróiseas seo is féidir linn féachaint ar chás *Táin Bó Cúailgne*, an scéal iomráiteach faoin tarbh Ultach a thug na Connachtaigh leo mar chreach: is cosúil gur san ochtú haois a cuireadh mioneachtraí a bhain le *Táin Bó Cúailgne* i scríbhinn den chéad uair. Sa naoú haois, chuir scríobhaí eile na mioneachtraí seo le leagan eile den scéal agus cuireadh i gcumasc lena chéile iad (Thurneysen 1921: 112–113, O’Rahilly 1967: xvi–xxv). Ní mhaireann aon leagan díobh sin leis féin anois. Is é atá againn ná cóip a rinneadh i ndeireadh na haonú haoise déag ab fhéidir a cuireadh in oiriúint do litriú agus fuaimniú an ama sin (O’Rahilly 1976). Ina theannta sin, tá leagan ó dheireadh na dara haoise déag againn, leagan a athscríobhadh ina iomlán. Athraíodh na focail agus baineadh úsáid as stíl bhladhmánach ann (O’Rahilly 1967: xlvi–xlviii). Má fhéachtar ar mheascán casta mar sin gan eolas ar leaganacha eile chun comparáid a dhéanamh leo, tá sé dúshlánach ord na scaireanna, nó na sraitheanna teanga, a réiteach de réir ama. Ar an dea-uair, níl na téacsanna ar fad chomh casta leis an gceann sin. Tá go leor téacsanna ann atá níos aonchineálaí, fiú i lámhscríbhinní luatha. Nuair is féidir linn dáta téacs ar leith a

dheimhniú de réir critéar nach critéar teangeolaíoch é – mar shampla, le cuidiú ó thagairt staire nó dáta lámhscríbhinne nó faisnéis eile – deirimid go bhfuil an téacs indátaithe go seachtrach. Is ar bhunús téacsanna atá dátaithe go seachtrach atá muid ag obair. Den chuid is mó, is téacsanna iad sin atá le fáil i lámhscríbhinní comhaimseartha, i.e. roimh lár na 10ú haoise. Measaimid go bhfuil timpeall 80 téacs den chineál sin ar marthain, an chuid is mó acu i lámhscríbhinní atá ar caomhnú ar an Mór-Roinn (Bronner 2013). Ní heol dúinn i gcónaí na dátaí cruinne ar ar scríobhadh na téacsanna nó na lámhscríbhinní sin. Chum Adhamhnán Oileán Í *Beatha Cholm Cille* idir na blianta 688 agus 692, agus rinne Dorbéine cóip den téacs sula bhfuair sé bás sa bhliain 713, i lámhscríbhinn atá ar caomhnú sa lá inniu i mbaile Schaffhausen san Eilvéis (Anderson & Anderson 1990: liv). Sa chás seo is féidir an téacs agus an lámhscríbhinn a dhátú go cruinn taobh istigh de chúpla bliain. Ar an taobh eile, ní féidir an lámhscríbhinn Milan, Biblioteca Ambrosiana, C301 inf. a dhátú ach go céadcheathrú na 9ú haoise go neasach. Maidir leis na gluaiseanna Sean-Ghaeilge, is deacra fós buille faoi thuairim a thabhairt faoi dháta a gcumtha; nílimid cinnte ach gur cóipeanna iad de bhunábhar ó thréimhse níos luaithe, seans fiú chomh luath leis an 8ú haois (Bronner 2013: 27–28, McNamara 1973: 221–222).

Cuirimid san áireamh chomh maith téacsanna dátaithe i lámhscríbhinní ón Meánaois dhéanach. Arís, caithfidh bunús neamhspleách seachas cúis theangeolaíoch a bheith againn chun dátaí cinnte a chur leis na téacsanna sin. Sampla cáiliúil is ea an ‘Lex Innocentium’ le hAdhamhnán Oileán Í. Cé gur breacadh an chóip is sine atá ar marthain sa 15ú haois, tá a fhios againn gur fógraíodh an dlí sin i Meitheamh na bliana 697 (Ní Dhonnchadha 1982), mar is amhlaidh atá fógairt an dlí taifeadta sna hannála (AU 697.3). Dhéantaí nuachóiriú go minic ar théacsanna dá leithéid i rith a seachadta, ar ndóigh, agus dá bhrí sin tá níos lú fiúntais iontu mar fhianaise ar theanga na tréimhse inar cumadh iad ar dtús ach fós is féidir linn sonraí úsáideacha a bhaint astu.



Nuair a thosaigh muid ar an tionscadal, bhí cuid de na sonraí ó théacsanna dátaithe ar fáil i bhformáid leictreonach cheana féin. Orthu seo bhí na bunachair sonraí a bhaineann leis na gluaiseanna Sean-Ghaeilge a mhaireann i lámhscríbhinní ón Meánaois Luath. Thóg Aaron Griffith agus David Stifter *Bunachar Ghluaiseanna Sean-Ghaeilge Milan* (Griffith & Stifter 2013). Cuimsíonn an foclóir sin níos mó ná 50,000 téacschomhartha (féach thíos) ó na gluaiseanna Sean-Ghaeilge agus iad anótáilte go hiomlán le faisnéis theangeolaíoch. Thiomsaigh Bernhard Bauer bunachair sonraí den chineál céanna in 2015 (Bauer 2015), atá ar fáil anois chomh maith mar chuid de shuíomh idirlín Ghluaiseanna Sean-Ghaeilge lámhscríbhinn St Gall (Bauer, Hofman & Moran 2017). Baineann an bunachair sin leis na gluaiseanna ón 9ú haois ar ghraiméar Laidine Priscian. Chomh maith leis sin, tá an bunachair sonraí ar dhánta Bhlathmhaic mhic Con Breatan (8ú haois), atá curtha in eagar ag Siobhán Barrett (Barrett 2017) agus an *Parsed Old and Middle Irish Corpus (POMIC)* le hElliott Lash (Lash 2014).

Táimid tar éis ár gcorpas, *Corpus PalaeoHibernicum*, nó *CorPH*, a thógáil le linn an tionscadail. D'ionchorpraigh muid na bunachair sonraí a bhí ann cheana féin, agus bhailigh muid ár sonraí féin. Bhí dúshlán mór romhainn agus muid ag iarraidh na sonraí a fuaireamar le hoidhreacht a thabhairt le chéile, mar bhí an chuid is mó díobh cumtha agus próiseáilte leis an mbogearra Filemaker agus ní raibh na scéimrí anótála ag teacht le chéile. Bhí an t-ádh orainn cuidiú a fháil ó Tianbo Ji, a bhí ag obair linn mar chúntóir taighde in 2018, ar na gnéithe teicniúla. Thóg Ji suíomh idirlín dúinn (<https://chronhib.maynoothuniversity.ie>) agus chabhraigh sé linn na sonraí a aistriú go córas leictreonach nua. In 2020, beidh Godstime Osarobo ag leanúint ar aghaidh mar ríomhchláraitheoir. Idir an dá linn, d'éirigh linn scéimre agus caighdeán nua a chur in úsáid dár gcorpas. Is féidir *CorPH* a bhrabhsáil nó a chuardach saor in aisce, agus tá deis anois ann go leor taighde a bhunú air.

Déantar próiseáil de chineálacha éagsúla ar na sonraí in *CorPH*, rud a athraíonn na focail chlóbhuailte go foirm dhigiteach fheiliúnach, chun an corpas a thógáil. An chéad chéim ná na téacsanna a dhigitiú, muna bhfuil siad i bhformáid leictreonach cheana féin. Ansin roinntear an téacs in aonaid théacsúla, abairtí de ghnáth, ach uaireanta gluaiseanna, iontrálacha annála, nó línte as dánta ar leith. Ina dhiaidh sin, bristear na haonaid théacsúla ina dtéacschomharthaí ('tokens'). Is é an 'morf' ('morph') an téacschomhartha is bunúsaí in *CorPH*, is é sin, an bunaonad léacsach ar a bhfuil an anailís is mine is féidir a dhéanamh déanta. Mar shampla, bristear an coimpléasc briathartha *arnacha-toirsitis* 'ionas nach n-ionsóidís í' (Ml. 48d27) sna morfanna *ar* 'go, ionas go', *nach* 'nach', *a* 'í', *to* (mír réamhbhriathartha), *r* (an bhreismhír nó 'augment') agus *toirsitis* 'd'ionsóidís' faoi seach. Tá breis is 120,000 téacschomhartha sa chorpas go léir anois,<sup>2</sup> iad bainte as 70 téacs ón tréimhse roimh an mbliain 950, agus tá an corpas ag fás go tréan.

Morph	Lemma	Part of Speech	Meaning	Analysis
<i>ar</i>	<i>ara</i> <i>l</i>	conjunction	so that, in order that	
<i>nach</i>	<i>nád</i> <i>l</i>	particle conjunct	that not	
<i>a</i>	<i>3sg.fem.inf.</i> <i>pron.</i>	pronoun_infixed	her	Class A.acc.
<i>to</i>	<i>do</i>	particle preverb		
<i>r</i>	<i>ro</i> <i>l</i>	particle_augment	perfective or potential aspect	
<i>·toirsitis</i>	<i>do·fich</i>	verb	to take, to attack	augm.3pl.past. subj.

Tábla 1: Samplaí de chlibeanna a úsáidtear in *CorPH*

<sup>2</sup> Baineann thart faoi 15,000 díobh le teangacha eile seachas an tSean-Ghailge, go háirithe an Laidin.

Tugtar leama (‘lemma’), nó ceannfhocal, i gcás gach moirf. Tá gach morf anótáilte chomh maith le clibeanna a thugann eolas faoin roinn chainte (‘part of speech’) atá i gceist agus faoin deilbhíocht agus comhréir a bhaineann leis. Coinnítear na píosaí eolais seo i dtáblaí éagsúla sa bhunachar sonraí atá ceangailte le chéile trí hipearnaisc. Is féidir le húsáideoirí an t-eolas atá uathu a aimsiú go héasca, le hinneall cuardaigh simplí taobh istigh den suíomh idirlín, nó le fiosrúchán atá scríofa sa teanga MySQL.

Toisc go raibh malairtí sa teanga le linn an ama atá i gceist inár dtionscadal, tá muid ag lorg modhanna foirmiúla chun na malairtí a ghabháil agus cur síos a dhéanamh orthu. A bhuíochas le staidéar atá déanta ar mhórán cainteoirí le linn tréimhse fhada ó na 1960idí anuas (m.sh. Labov 1994, 2001) agus dul chun cinn i dteoiric na teangeolaíochta (m.sh. Chomsky 2006), tuigtear anois go dtagann malairtí teangeolaíocha chun cinn ar dtús i ngramadach inmheánach an duine aonair nuair atá sé nó sí ag foghlaim a t(h)eanga dhúchais i dtréimhse na luath-óige. Is é sin, tagann foirm nó struchtúr teangeolaíoch nua chun cinn in áit seanfhoirme nó seanstruchtúir. I stair an Bhéarla, mar shampla, tharla an mhalairt ón deireadh *-(e)th* go *-(e)s* do bhriathra láithreacha sa tríú pearsa uatha (m.sh. *maketh* > *makes* ‘déanann’). Má mheasann muid an coinníoll ‘briathar láithreach sa tríú pearsa uatha’ ina **athróg** (‘variable’), is é sin le rá, cás ina dtarlaíonn malairt foirmeacha, is féidir linn a rá go bhfuil an dá rogha *-(e)th* agus *-(e)s* ina **n-athraithigh** (‘variants’). Téann na hathraithigh a bhíonn ag cainteoirí i gcoimhlint le chéile sa chomhluadar céanna, agus leathann an ‘buaiteoir’ i measc an chomhluadair.

Bunaithe ar an bpéire **athróg : athraitheach**, dhear muid liosta de chineálacha malairte teangeolaíche a bhí le fáil, dar linn, sa tréimhse atá i gceist. Áiríonn an liosta seo breis is 300 cás ar fad ina bhfuarthas malairtí i bhfóineolaíocht, litriú, deilbhíocht agus comhréir. Bíonn na nithe seo ag gach cineál malairte: a uimhir aitheantais, a chatagóir (fóineolaíocht, litriú, deilbhíocht nó

comhréir), cur síos ar an athróg, agus líon na n-athraitheach. Seo thíos cúpla sampla de mhalairtí atá dearbhaithe sa tSean-Ghaeilge:

Variation _ID	Category	Description
PH015	1. Phonological	stressed /au/ from u-infection becomes 1. <i>au</i> 2. <i>u</i> 3. <i>o</i>
OR011	2. Orthographical	long vowel is represented by 1. double vowel, 2. vowel with fada, 3. double vowel with fada.
MO009	3. Morphological	in verbal inflection, pres.ind./subj./impv.pass.sg. has the ending 1. <i>-ar/-(a)ir</i> 2. <i>-thar/-th(a)ir</i> .
MO012	3. Morphological	verb that originally shows reduplicated suffixless pret. inflection uses 1. reduplicated suffixless pret. inflection, 2. s-pret. inflection, 3. t-pret. inflection.
SY006	4. Syntactical	complement to comparative adjective is in 1. accusative 2. dative.

**Tábla 2: Samplaí as liosta de chineálacha malairte sa tSean-Ghaeilge**

Cad is brí leis na cineálacha malairte seo? Mar shampla, feictear sa dara sraith an cur síos ‘stressed /au/ from u-infection becomes 1. *au* 2. *u* 3. *o*’. Is é sin le rá, bhí an défhoghar aiceanta /au/ ann sa tSean-Ghaeilge a tháinig ón sreang *\*aCu* i ré na Gaeilge Réamhstairiúla (seasann *C* do ‘chonsan’), mar shampla an focal Sean-Ghaeilge *maug* ‘mogh, sclábhaí fireann’ < Gaeilge Réamhstairiúil *\*magus*, nó an focal Sean-Ghaeilge *aub* ‘abhainn’ < *\*abū*. Is é an /au/ aiceanta a d’eascair as *\*aCu* an athróg sa chás sin. D’athraigh an défhoghar sin go /u/ nó /o/ níos déanaí áfach, m.sh. *mug* ‘sclábhaí fireann’ agus *ob* ‘abhainn’. Dá bharr sin, tá trí athraitheach le fáil sa tréimhse atá faoi scrúdú, i.e. /au/ (an défhoghar bunúsach), /u/ agus /o/ (na fuaimanna nua). Cuirtear na huimhreacha 1, 2 agus 3 leis na hathraithigh sin. Tá an uimhir 0 in úsáid againn i gcomhair cásanna neamhchinntithe, is é sin le rá, nuair nach bhfuil sé cinnte cé acu de na hathraithigh atá i gceist le téacschomhartha ar leith. Ar an mbealach sin, tá córas uimhreach

ar fáil a mharcálann an t-athraitheach atá ann i gcás gach moirf. Dá bhfaighfí an morf *caur* ‘seaimpín, curadh’, cuir i gcás, d’fhéadfaí é sin a mharcáil leis an gcód ‘uimhir aitheantais + uimhir an athraitheach’, i.e. PH015.1 sa chás seo. Tá an morf *gabthair* ‘faightear’, sa dóigh chéanna, le marcáil leis an gcód, nó clib, MO009.2, mar taispeánann sé an foirceann briathartha *-thair*.

Cén buntáiste a bhaineann leis an gcóras clibeanna seo? Más mian linn breathnú ar chineál malairte amháin agus a fhorbairt a rianú, caithfidh muid na téacschomharthaí a bhaineann leis an malairt atá i gceist a bhailiú ón gcorpas. Cuir i gcás, chun an cineál malairte PH015 a rianú, is gá dúinn na téacschomharthaí a aimsiú ina bhfuil /au/, /u/, /o/ aiceanta a tháinig ó *\*aCu* go stairiúil. Uaireanta is féidir na téacschomharthaí a bhaineann leis an malairt faoi leith a aimsiú gan stró le cuidiú na gclibeanna atá ann. Mar shampla, chun téacschomharthaí a thaispeánann an cineál malairte SY006 a aimsiú, ní gá ach cuardach a dhéanamh ar na frásaí ainmfhocail in aice le téacschomharthaí a bhfuil an chlib ‘comp.’ orthu. Don chineál malairte MO009, is féidir na clibeanna ‘3sg.pres.ind.pass.’ agus ‘3sg.pres.subj.pass.’ a lorg in *CorPH*, i dteannta an choinníll go bhfuil an litir ‘S’ (a chiallaíonn ‘tréanbhriathar’) i gcill darb ainm ‘Classification’.

Tá sé níos casta, áfach, malairtí eile a fháil. Chun téacschomharthaí a bhaineann leis an malairt PH015 a fháil, bheadh sé fánach téacschomharthaí a lorg a bhfuil na teaghráin *au*, *u* nó *o* iontu, toisc go mbeadh an toradh cuardaigh lán le bréagdheimhneach, leithéid *guth* nó *cos*. Is é an trua é nach bhfuil bealach ann fós a bhféadfadh an ríomhaire a aithint an bhfuil an guta aiceanta síolraithe ó *\*aCu* sa Ghaeilge Réamhstairiúil. Mar an gcéanna, más mian linn téacschomharthaí a bhaineann leis an malairt MO012 a fháil, is gá idirdhealú a dhéanamh idir cineálacha infhillte na mbriathra san aimsir chaite, ach níl aon chlib faoi leith ann dóibh.

Le haghaidh malairt cosúil le PH015 agus MO012, níl an dara rogha ann ach breathnú ar an gcorpas ina iomláine agus na téacschomharthaí a bhaineann leis an malairt faoi leith a bhailiú. I

gcásanna mar sin, is fearr an córas clibeanna thuasluaite a úsáid agus na téacschomharthaí a mharcáil le ‘PH0015.1’, ‘MO012.2’ srl. Soláthraíonn an córas sin caighdeán simplí agus soiléir, chun na malairtí agus na hathraithigh a chur in iúl, agus tá sé níos éasca an t-eolas seo a chruinniú agus a aimsiú ar mhaithe le staidéir a dhéanfar amach anseo, sa dóigh is nach gcaithfidh taighdeoirí an corpas a scrúdú ina iomláine arís agus arís, chun taighde a dhéanamh ar an gcineál malairte céanna.

Tugtar sampla eile anseo thíos chun an córas clibeanna a léiriú:

Morph	Variant ID	Description
<i>Culand</i>	PH015.2	stressed /au/ from u-infection becomes 1. <i>au</i> 2. <i>u</i> 3. <i>o</i> .
	PH043.2	original /nd/ in places other than proclitics becomes 1. <i>nd</i> 2. <i>nn</i> .
	PH020.2	posttonic, non-final short vowel becomes 1. unchanged 2. schwa.
<i>Feradach</i>	PH020.0	posttonic, non-final short vowel becomes 1. unchanged 2. schwa.
<i>das</i>	MO062.2	infixed pronoun shows 1. conservative form, 2. conservative form of another gender or person, 3. innovative form.

**Tábla 3: Samplaí de chlibeanna atá curtha le malairtí**

Sa téacschomhartha *Culand* ‘Culann, .i. ainm duine’, tá a fhios ag an taighdeoir gurb é *\*kaluno-* sanasaíocht an fhocail,<sup>3</sup> agus ba cheart go mbeadh *au* sa chéad siolla aiceanta sa tSean-Ghaeilge luath de bharr *u*-ionfhabhtaithe (.i. *Caul*-<sup>4</sup>). Níl ann ach *u* (sin uimhir a 2 sa chur síos), áfach, agus mar sin marcáiltear *Culand* leis an gclib ‘PH015.2’. D’athraigh an *\*n* bunaidh in *\*kaluno-* go *nn* tríd an bhforbairt ar a dtugtar ‘dlí Mhic Néill’ sa tréimhse luath (McCone 1994: 87), agus dá bharr sin bheadh súil leis an bhfoirm

<sup>3</sup> Ogham *CALUNOVIC[A]*, féach Ziegler 1994: 145.

<sup>4</sup> Cf. *Cauland cerdd...asbert Cauland...*, *Táin Bó Cúailnge* l. 545 (O’Rahilly 1976: 17).

*Culann* sa tSean-Ghaeilge Chlasaiceach. Taispeánann an fhoirm atá i gceist againn *nd*, áfach. Séard a tharla ná gur meascadh *nn* agus *nd* le himeacht aimsire, agus de réir mar a d'athraigh *nd* bunaidh go *nn*, scríobhadh *nn* bunaidh le *nd*. Dá bhri sin, cé nach bhfuil aon /nd/ bunaidh ag baint leis an morf *Culand*, cruthaíonn an morf go raibh an t-athrú ó *nd* go *nn* tarlaithe cheana féin, agus cuirtear an chlib ‘PH043.2’ air.

Os a choinne sin, níl sé cinnte ar chor ar bith cén bunghuta a bhí sa dara siolla den fhocal *Feradach*. Dá mbeadh cruthúnas dearfa againn gurbh é /e/ an bunghuta i sanasaíocht an fhocail, is amhlaidh a bheadh an litir <a> ann ag seasamh don ghuta láir /ə/ nó ‘schwa’. Chiallódh sé sin go mbeadh an t-athrú PH020.2 tar éis tarlú, is é sin, schwa a bheith déanta de /e/ i siollaí dúnta iaraiceanta. Ach gan sanasaíocht mhaith, ní féidir linn tomhas a dhéanamh ar luach foghraíochta an dara siolla, agus cuirtear an chlib ‘PH020.0’ ar an téacschomhartha *Feradach*. Is amhlaidh atá an scéal maidir leis an téacschomhartha *das*, a d’eascair as cumasc de dhá aicme de na forainmneacha iontáite (-s ó aicme A agus -da ó aicme C, féach McCone 1994: 193–4, Breatnach 1994: 265–6). Níl dabht ann ach gur cheart an chlib MO062.2 a chur leis an bhfoirm nuálach sin.

Tá na téacschomharthaí in *CorPH* ceangailte le dátaí deimhnithe (m.sh. *Beatha Cholm Cille* 688–692; gluaiseanna Milan 800–825), agus dá mbeadh muid in ann áireamh a dhéanamh ar na téacschomharthaí a thaispeánann na hathraithigh a bhaineann le haon mhalairt ar leith i dtéacsanna ón am sin, bheadh eolas againn ar chéatadán na n-athraitheach a bhaineann le haon mhalairt amháin sa tréimhse atá i gceist. San am céanna, dá gcuirfí céatadáin na malairtí difriúla sa téacs céanna le chéile, bheadh próifíl theangeolaíoch an téacs ar fáil, agus sholáthródh próifílí na dtéacsanna comhaimseartha próifíl níos iomláine den teanga ag an am atá i gceist.

Seo thíos cuntas uimhriúil ar chúpla malairt atá ar fáil sa téacs *Beatha Cholm Cille* le hAdhamhnán Oileán Í, a scríobhadh idir na blianta 688 agus 692, sa chóip a rinneadh de roimh 713. Dáileadh

clibeanna ar roinnt malairtí fóineolaíochta sa chóip sin den téacs, agus tá an toradh le feiceáil sna táblaí seo:

Variation_ID	PH002	Post-syncope /u/ between a consonant and a vowel is 1. kept 2. lost					
Variant_ID	PH002.0	PH002.1	PH002.2			Total	PH002.1 percentage
number of tokens	0	0	17	-	-	17	0%

Variation_ID	PH017	/e:/ before non-palatal consonants becomes 1. é 2. ea 3. ie 4. ía.					
Variant_ID	PH017.0	PH017.1	PH017.2	PH017.3	PH017.4	Total	PH017.1 percentage
Number of tokens	0	10	4	1	1	16	62.5%

Variation_ID	PH020	posttonic, non-final short vowel becomes 1. unchanged 2. schwa.					
Variant_ID	PH020.0	PH020.1	PH020.2			Total	PH020.1 percentage
number of tokens	24	147	41	-	-	212	69.3%

Variation_ID	PH028	final unstressed /o/ becomes 1. /o̩/ 2. /a̩/					
Variant_ID	PH028.0	PH028.1	PH028.2			Total	PH028.1 Percentage
number of tokens	0	13	0	-	-	13	100%

Variation_ID	PH036	/oj/ becomes 1. /oj̩/ 2. /aj̩/.					
Variant_ID	PH036.0	PH036.1	PH036.2			Total	PH036.1 Percentage
number of tokens	0	24	1	-	-	25	96%

**Tábla 4: Malairtí fóineolaíochta in *Beatha Cholm Cille*.**


Insíonn na sonraí dúinn nach raibh malairtí áirithe tagtha chun cinn sa Ghaeilge fós ag deireadh na 7ú haoise, mar shampla PH028, toisc nach bhfuil aon fhoirm nuálach ar fáil, agus is é céatadán an athraithigh PH028.1 (13 cinn) i líon iomlán na dtéacschoimharthaí (13 cinn) ná 100%. Mar a fheictear faoin gcineál malairte PH036, níl an t-athrú ó /oj̩/ go /aj̩/ ach díreach tar éis tosú (is é céatadán an athraithigh choimeádaigh PH036.1 ná 96%). Ag an am céanna, bhí cineálacha malairte eile tar éis forbairt ach ní raibh siad curtha i gcrích fós, mar shampla PH017 agus PH020. Ar an taobh eile, is dóigh go raibh an /u̩/ idir consan agus guta imithe i léig cheana féin, mar níl aon fhoirm



choimeádach ar fáil faoin gcineál malairte PH002, agus céadatan na foirme nuálaí ag 100%.


Dá gcuirfeadh muid comhréir choibhneasta na n-athraitheach a bhaineann leis an malairt chéanna le chéile i dtréimhsí ar leith taobh istigh de thréimhse níos faide, gheobhadh muid pictiúr de dháileadh na n-athraitheach i rith na tréimhse ar fad. Is é sin le rá, bheadh próifil chruinn againn do mhalairt theangeolaíoch amháin. Dá gcuirfí próifilí na malairtí difriúla le chéile, gheobhadh muid lánphictiúr d’fhorbairt na Sean-Ghaeilge. Dá mbeadh dóthain sonraí faoi na próifilí ó amanna éagsúla againn, d’fhéadfadh muid cúrsa na n-athruithe sa teanga a tharraingt, fiú próifil na teanga ag aon phointe ama a réamhinsint.

Chun na pointí thuasluaite a léiriú, tagraítear arís don chineál malairte PH028 (‘final unstressed /o/ becomes 1. /o/, 2. /a/’), ach an tráth seo rianaítear dáileadh na n-athraitheach a bhaineann leis i rith na tréimhse 554–950 sa téacs *Annála Uladh*.



**Cairt 1: Coibhneas idir na hathraitheigh /a/ agus /o/ in *Annála Uladh*, 554–950 (le cuidiú ón Dr. Marco Aquino-López)**


Seasann an cuar i lár na cairte do chéatadán an athraithigh nuálaigh (PH028.2 /a/) sna téacschomharthaí a bhfuil /o/ neamhaiceanta nó /a/ a d’eascair as /o/ bunaidh i ndeireadh an fhocail. Mar is féidir a fheiceáil, tá céatadán an athraithigh nuálaigh ag ardú go seasmhach ó timpeall 30% go 80% i rith an ama, ach ní raibh an t-athrú ón /o/ bunaidh go /a/ nuálach críochnaithe fós faoi dheireadh na bliana 950. Féachaimis ar chineál malairte eile, MO053 (‘*ā*-stem male personal name uses 1. *ā*-stem inflection, 2. *o*-stem masc. inflection’), m.sh. an t-ainm *Fergal* ‘Fearghal’ < \**uiro-galā*-. D’athraigh ginideach uatha an fhocail seo ó *Fergaile*, a leanann patrún infhillte *ā*-thamhan, go *Fergail*, a leanann patrún *o*-thamhan. Ar an gcuma chéanna, tharla an t-athrú d’ainmneacha le *máel* chomh maith, m.sh. gin.u. *Máile Brigitte* > *Mail Brigitte* ‘Maoil Bhríde’. Seo thíos léiriú ar an athrú sin sna blianta 554–950 in *Annála Uladh*:



**Cairt 2: Coibhneas idir athraithigh chineál malairte MO053 in *Annála Uladh*, 554–950 (le cuidiú ón Dr. Marco Aquino-López)**

Taispeánann an chart seo cuair cruinn carnach ina lár, is é sin le rá, bhí na focail a bhaineann leis an gcineál malairte atá i gceist go léir infhillte de réir an athraitheigh choimeádaigh, ach le himeacht aimsire, tharla níos mó foirmeacha a thaispeánann an t-athraitheach nuálach. Bhí an t-athrú beagnach críochnaithe faoi dheireadh na bliana 950. Go teoiriciúil, dá mbeadh téacs againn a thaispeánann céatadán PH028.2 ag 70%, agus céatadán MO053.2 ag 40%, bheadh muid muiníneach go bhféadfaí an téacs a dhátú go timpeall na bliana 850 (féach na línte dearga sna cairteacha thuas).

Sampla eile atá níos casta is ea an ceann thíos i gCairt 3 faoi MO104 ('after palatalised C or V, the proximal demonstrative particle is 1. *-se*, 2. *-so*') agus MO105 ('after unpalatalised C or V, the proximal demonstrative particle is 1. *-se*, 2. *-so*').



**Cairt 3: Céatadáin MO105.1 agus MO104.1 in *CorPH* (taighde a rinne Elliott Lash agus Marco Aquino López)**

Rinne ár mbaill foirne Elliott Lash agus Marco Aquino López taighde faoi dháileadh an dá iarmhír thaispeántach i dtréimhse na Sean-Ghaeilge, *-se* agus *-so* ('seo'). Bhreathnaigh siad ar *CorPH* i dteannta le sonraí ó ghluaiseanna Würzburg (Kavanagh 2001), agus fuair siad 268 téacschomhartha as 14 théacs san iomlán. Tá dhá chuar i gCairt 3: rianaíonn an cuar dearg céatadán an athraithigh MO105.1 sna comharthaí a bhaineann leis an gcineál malairte MO105, is é sin, an iarmhír *-se* i ndiaidh consan/guta leathan; rianaíonn an cuar gorm céatadán an athraithigh MO104.1 sna comharthaí a bhaineann leis an gcineál malairte MO104, is é sin, an iarmhír *-se* i ndiaidh consan/guta caol. Léiríonn an chairt gur thosaigh céatadán an athraithigh MO105.1 (an cuar dearg) ag tuairim is 80% ag tús an 8ú céad, ach bhí a líon ag laghdú go tapaigh i rith chéadleath an 8ú céad, go dtí go ndeachaigh *-se* a leanann consan nó guta leathan amach as úsáid ó 750 (nó níos luaithe) i leith. Ag an am céanna, cé gur chosúil gur ardaigh céatadán an athraithigh MO104.1 (an cuar gorm) le ham, tá luas an ardaithe fíormhall ag 1.0917 – ciallaíonn sé sin go bhfuil an iarmhír thaispeántach 9.17% níos dóichí san fhoirm *-se* ná san fhoirm *-so* le himeacht gach bliana. Ó thaobh staitistice de, níl an luas sin an-suntasach ar fad, agus is féidir a rá gur fhan an coibhneas idir na foirmeacha *-se* agus *-so* a leanann consan nó guta caol sách cobhsaí ar feadh na tréimhse 700–850.

Tá cúrsa na n-athruithe teangeolaíocha an-tábhachtach dár dtuiscint ar an stair agus ar an oidhreacht litríochta. Má thig linn eolas níos cruinne a bhaint amach maidir le malairtí na teanga, is féidir an t-eolas seo a úsáid chun dul chun cinn a dhéanamh ar neas-dátú téacsanna. Agus leis sin, d'fhéadfadh muid freagraí níos cruinne a thabhairt ar cheisteanna faoin stair intleachtach in Éirinn sna Meánaoiseanna.

Le ceithre bliana anuas d'fhoilsigh an tionscadal neart altanna in irisleabhair agus foilseacháin eile (Griffith & Lash 2018, Bauer 2018, Bauer 2017, Lash 2017, Qiu 2019, Qiu *et al.* 2018, Stifter 2019, Stifter 2017, srl.). D'eagraigh muid cúig chomhdháil go dtí seo. Táimid ag cur eagar ar léachtaí na gcomhdhálacha sin lena

bhfoilsíú, agus táimid ag ullmhú leabhar eile chun cur síos a dhéanamh ar an teanga in *Annála Uladh*.

Tá an tionscadal *ChronHib* ag iarraidh talamh úr a bhriseadh i léann na Sean-Ghaeilge agus tá súil againn go mbeidh buntáistí á mbaint as an tionscadal go ceann i bhfad.

**LEABHARLIOSTA**

- Anderson, M.O. & Anderson, A.O. (1990) *Adomnan's Life of Columba*. Oxford: Clarendon Press.
- Atkinson, R. (1887) *The Passions and the Homilies from Leabhar Breac*. Dublin: Royal Irish Academy (Todd Lecture Series, 2).
- Barrett, S. (2017) *A Study of the Lexicon of the Poems of Blathmac Son of Cú Brettan*. Tráchtas neamhfhoilsithe. Ollscoil Mhá Nuad.
- Bauer, B. (2018) 'The story of the monk and the devil'. In: *Zeitschrift für celtische Philologie* 65: 1–27.
- Bauer, B. (2017) 'New and corrected ms. readings of the Old Irish glosses in the Vienna Bede'. In: *Ériu* 67: 29–48.
- Bauer, B. (2015) 'A dictionary of the Old Irish Priscian Glosses'. Ar fáil ag: [www.univie.ac.at/indogermanistik/priscian](http://www.univie.ac.at/indogermanistik/priscian).
- Bauer, B., Hofman, R. & Moran, P. (2017) *St Gall Priscian Glosses*, version 2.0. Ar fáil ag: <http://www.stgallpriscian.ie/>.
- Breatnach, L. (1994) 'An Mheán-Ghaeilge'. In: McCone, K. *et al.* (eag.) *Stair na Gaeilge in ómós do Phádraig Ó Fiannachta*. Maigh Nuad: Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig: 221–333.
- Bronner, D. (2013) *Verzeichnis altirischer Quellen*. Marburg: Philipps Universität Marburg.
- Chomsky, N. (2006) *Language and Mind*, 3<sup>rd</sup> ed. Cambridge: Cambridge University Press.
- CorPH = Stifter, D. *et al.* (eds) *Corpus PalaeoHibernicum*. Ar fáil ag: <https://chronhib.maynoothuniversity.ie>.
- Griffith, A. & Elliott, L. (2018) 'Coordinate subjects, expletives, and the EPP in early Irish'. In: *Journal of Celtic Linguistics* 19: 87–156.
- Griffith, A. & Stifter, D. (2013) *Dictionary and database of the Old Irish Glosses in the Milan MS Ambr. C301 inf.* Ar fáil ag: [https://www.univie.ac.at/indogermanistik/milan\\_glosses/](https://www.univie.ac.at/indogermanistik/milan_glosses/).
- Kavanagh, S. [ed. D.S. Wodtko] (2001) *A lexicon of the Old Irish glosses in the Würzburg manuscript of the Epistles of St. Paul*.

- Wien: Verlag der Österreichischen Akademie der Wissenschaften.
- Labov, W. (1994) *Principles of Linguistic Change. Volume I: Internal Factors*. Oxford: Basil Blackwell.
- Labov, W. (2001) *Principles of Linguistic Change. Volume II: Social Factors*. Oxford: Blackwell.
- Lash, E. (2017) ‘A quantitative analysis of e/i variation in Old Irish *etar* and *ceta*’. In: *Ériu* 67: 141–167.
- Lash, E. (2014) *The Parsed Old and Middle Irish Corpus (POMIC)*. Version 0.1. Ar fáil ag: <https://www.dias.ie/celt/celt-publications-2/celt-the-parsedold-and-middle-irish-corpus-pomic/>.
- McCone, K. (1994) ‘An tSean-Ghaeilge agus a réamhstair’, in McCone, K. et al. (eag.) *Stair na Gaeilge in ómós do Phádraig Ó Fiannachta*. Maigh Nuad: Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig: 61–219.
- McNamara, M. (1973) ‘Psalter Text and Psalter Study in the Early Irish Church (A.D. 600–1200)’. In: *PRIA* 73 C: 201–298.
- MI. = Gluaiseanna Sean-Ghaeilge i lámhscríbhinn Milan, Biblioteca Ambrosiana, C301 inf., in eagar ag Griffith, A. & Stifter, D. (2013).
- Ní Dhonnchadha, M. (1982) ‘The guarantor list of Cáin Adomnáin, 697’. In: *Peritia* 1: 178–215.
- O’Rahilly, C. (ed.) (1976) *Táin Bó Cúailnge, Recension I*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- O’Rahilly, C. (ed.) (1967) *Táin Bó Cúailnge: from the Book of Leinster*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- Qiu, F. (2019) ‘Old Irish *ae* “descendant” and its descendants’. In: *Indogermanische Forschungen* 124: 343–374.
- Qiu, F. et al. (2018) ‘Chronologicon Hibernicum: A Probabilistic Chronological Framework for Dating Early Irish Language Developments and Literature’. In: Ioannides, M. (ed.) *Digital Heritage: Progress in Cultural Heritage: Documentation, Preservation, and Protection*. Cham: Springer (Lecture Notes in Computer Science, 11196): 731–740.

- Stifter, D. (2019) ‘The stars look very different today’. In: *Ériu* 68: 29–54.
- Stifter, D. (2017) ‘Varia: II. The origin of time’. In: *Ériu* 67: 219–226.
- Thurneysen, R. (1921) *Die Irische Helden- und Königsage bis zum siebzehnten Jahrhundert*. Halle (Saale): M. Niemeyer.
- Ziegler, S. (1994) *Die Sprache der altirischen Ogam-Inschriften*. Göttingen: Vandenhoeck und Ruprecht (Historische Sprachforschung, 36).
- Zuraw, K. (2003) ‘Probability in Language Change’. In: Bod, R., Hay, J., & Jannedy, S. (eds) *Probabilistic Linguistics*. Cambridge, MA: MIT Press: 139–176.



## NA HÚDAIR

**MÁIRÍN NIC EOIN:** Tá Máirín Nic Eoin ina hOllamh Emerita le Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Is í údar na leabhar *An Litríocht Réigiúnach* (1982); *Eoghan Ó Tuairisc: Beatha agus Saothar* (1988); *B’Ait Leo Bean: Gnéithe den Idé-eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha na Gaeilge* (1998) agus *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúir agus Nualitríocht na Gaeilge* (2005). Bhí sí ina heagarthóir nó ina comheagarthóir ar fhoilseacháin éagsúla, ina measc an saothar dhá imleabhar *Litríocht na Gaeilge ar fud an Domhain* I agus II (2015). Tá caibidlí agus aistí léi ar ghnéithe éagsúla de nualitríocht na Gaeilge foilsithe in iliomad leabhar agus irisí léannta.

**FANGZHE QIU:** Léachtóir sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath faoi láthair. Bhí sé ag obair i dteannta David Stifter mar thaighdeoir iardhochtúireachta ar an tionscadal *Chronologicon Hibernicum*. Bronnadh PhD air sa tSean- agus sa Mheán-Ghaeilge i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh in 2015. Neart foilsithe aige faoi theanga na Sean-Ghaeilge, Dlíthe na mBreithiúna agus litríocht na Meánaoise.

**DAVID STIFTER:** Rugadh David Stifter san Ostair agus oileadh in Ollscoil Vín é. Bhí sé ina léachtóir agus ina dhiaidh sin ina thaighdeoir iardhochtúireachta i Roinn na Teangeolaíochta Ind-Eorpaise in Ollscoil Vín ó 2000 go 2010. Tá sé ina ollamh le Sean- agus Meán-Ghaeilge in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad ó 2011 i leith. Is iad na réimsí taighde atá aige: gramadach agus sanasaíocht na Sean-Ghaeilge agus teangacha Sean-Cheilteacha na Mór-Roinne. I measc a chuid saothar, tá *Sengoídelc. Old Irish for Beginners* (Syracuse University Press, 2006) agus an bunachar sonraí *Lexicon Leponticum* (LexLep) (Vín 2010–; ar fáil ag: <http://www.univie.ac.at/lexlep>). Fuair sé deontas ón Chomhairle Eorpach um Thaighde (ERC) in earrach na bliana 2015 chun tabhairt faoi thionscadal taighde ar chroineolaíocht

theanga na Sean-Ghaeilge: *Chronologicon Hibernicum* (<https://chronhib.maynoothuniversity.ie/>).

**DEBORAH HAYDEN:** Is léachtóir i Roinn na Sean-Ghaeilge, Ollscoil Mhá Nuad í Deborah Hayden. San am i láthair, tá sí ina príomheagarthóir ar an irisleabhar *Language & History*, agus ina príomhthaidheoir ar an tionscadal *Medieval Irish Medicine in its North-western European Context: a Case Study of Two Unpublished Texts* (MIMNEC), arna mhaoiniú ag scéim Laureate de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn. Cuireann sí spéis ar leith i stair an oideachais, an dlí agus an leighis in Éirinn le linn na Meánaoiseanna; i bhfoclóireacht na Sean-Ghaeilge; agus san aistriúchán liteartha.

**EOIN MAC CÁRTHAIGH:** Ollamh Comhlach le Gaeilge agus Ceann Roinn na Gaeilge, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Údar *The art of bardic poetry: a new edition of Irish Grammatical Tracts I* (DIAS 2014).

**ELAINE UÍ DHONNCHADHA:** Tá an Dr Elaine Uí Dhonnchadha ina léachtóir le ríomhtheangeolaíocht i Scoil na nEolaíochtaí Teangeolaíochta, Urlabhra agus Cumarsáide i gColáiste na Tríonóide. Tá spéis aici i dteangeolaíocht chorpais, i bhforbairt uirlisí próiseála teanga don Ghaeilge agus i dteangeolaíocht na Gaeilge. Roimhe seo, d'oibrigh sí mar thaighdeoir in Institiúid Teangeolaíochta Éireann, mar léachtóir in Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus mar ríomhchlárathóir i gcomhlachtaí forbartha bogearraí.

**ÚNA BHREATHNACH, CIARÁN MAC MURCHADH, GEARÓID Ó CLEIRCÍN, BRIAN Ó RAGHALLAIGH:** Tá an ceathrar seo ina mbaill de ghrúpa taighde Gaois in Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU. Tá idir léachtóirí, thaighdeoirí agus mhic léinn iarchéime páirteach sa ghrúpa taighde úd a bhfuil sé de sprioc aige teanga agus saíocht na Gaeilge a chothú agus a chlaochlú trí acmhainní

iontaofa nuálaíoch a fhorbairt. I measc na mórthionscadal atá á reáchtáil faoi choimirce Gaois tá Téarma.ie, Logainm.ie, Ainm.ie, Dúchas.ie agus LEX. Anuas air sin, tá scata acmhainní teanga ar fáil ar shuíomh [www.gaois.ie](http://www.gaois.ie) atá forbartha ag baill an ghrúpa thar na blianta.

**AOIFE NÍ GHLOINN:** Tá Aoife Ní Ghloinn ina Teagascóir Sinsearach le Gaeilge in Ollscoil Mhá Nuad ó 2011 i leith. Roimhe sin, chaith sí trí bliana mar Léachtóir agus Scoláire ar Cuairt in Ionad an Léinn Éireannaigh, Ollscoil San Tomás, Houston, Texas. Tá B.A. agus M.A. bainte amach aici sa Ghaeilge agus tá M.Phil. aici sa Teangeolaíocht Fheidhmeach. Tá spéis aici sa teangeolaíocht fheidhmeach, go háirithe sa teangeolaíocht chorpais, sa mheasúnú teanga agus i ndearadh curaclam agus acmhainní foghlama don Ghaeilge. Tá dhá thionscadal taighde idir lámha aici faoi láthair a bhaineann leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach agus leis an dearbhú cáilíochta i gcás na Gaeilge. Tá sí i mbun dochtúireachta i gColáiste na Tríonóide, faoi stiúir an Dr Elaine Uí Dhonnchadha agus an Dr Anne O’Keeffe, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach, le maoiniú ón gComhairle um Oideachas Gaelscolaíochta agus Gaeltachta (COGG).

**RIÓNA NÍ FHRIGHIL:** Léachtóir le Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, í an Dr Ríona Ní Fhrighil. Bhain sí bunchéim amach sa Ghearmáinis agus sa Nua-Ghaeilge in Ollscoil na hÉireann Gaillimh, céim MPhil sa Teangeolaíocht Fheidhmeach i gColáiste na Tríonóide, agus céim PhD sa Nua-Ghaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Scoláire litríochta í a bhfuil leabhair agus aistí critice foilsithe aici i réimse na nuafhilíochta, an aistriúcháin liteartha agus na teangeolaíochta feidhmí. Tá sí ina comhstiúrthóir ar an togra maoinithe *Aistriú: Crossing Territories, Languages and Artforms* ([www.aistriui.eu](http://www.aistriui.eu)). Bhronn an Chomhairle um Thaighde in Éirinn gradam Laureate uirthi sa bhliain 2018 agus is í Príomhthaighdeoir an tionscadail ‘Republic

of Conscience: Cearta an Duine agus Nuafhilíocht na hÉireann' í. Tá an Dr Anne Karhio agus Laoighseach Ní Choistealbha ag obair ina teannta agus cuirfear an taighde i gcrích sa bhliain 2022.

**TRACEY NÍ MHAONAIGH:** Is léachtóir le Gaeilge in Ollscoil Mhá Nuad í Tracey Ní Mhaonaigh. Tá spéis ar leith aici i gcúrsaí foclóireachta agus aistritheoireachta, agus i saol agus i litríocht Chorca Dhuibhne, agus bronnadh an dochtúireacht uirthi as an obair a rinne sí ar an ollsaothar foclóireachta *Croidhe Cainte Ciarraighe* a thiomsaigh Seán Óg Ó Caomhánaigh. Chuir sí an cnuasach *As Tobar an Doibhlinigh* amach sa bhliain 2015 agus *Tháinig do Litir...*, comhfhreagras an Athar Peadar le Beirt Fhear, sa bhliain 2017. Bhí sí ina ball d'fhoireann shealadach eagarthóireachta *Irisleabhar Mhá Nuad* i ndiaidh bhás Phádraig Uí Fhiannachta gur ceapadh ina heagarthóir iomlán í in 2019.